EU-PROMENS European Programme for Mental health Exchanges, Networking and Skills

Bileog Eolais EU-PROMENS

Clár Eurpach ar Roinnt faisnéise maidir leis an Meabhairshláinte, Líonrú agus Scileanna

www.EU-PROMENS.eu

Is clár fothaithe acmhainneachta ar an meabhairshláinte é EU-PROMENS (*European PROgramme for Mental health Exchanges, Networking and Skills)* arna mhaoiniú ag an gclár EU4Health agus cuirfidh cuibhreannas an tionscadail (Grúpa Comhairliúcháin GFA GmbH, Trimbos Instituut, agus Meabhairshláinte na hEorpa) chun feidhme é idir mí Eanáir 2024 agus mí na Nollag 2026. Feabhsóidh sé agus cuirfidh sé le cumas gairmithe sláinte ar fud na hEorpa i réimse na meabhairshláinte. Leis an gclár, cuirtear chun feidhme príomhthionscadal 15 "Tionscnamh le haghaidh Níos Mó Gairmithe agus Gairmithe Níos Fearr Oilte san Aontas" den Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte. Díríonn sé ar ghrúpaí éagsúla gairmithe, lena n-áirítear:

1) Gairmithe sláinte atá ag obair in earnáil na meabhairshláinte
2) Múinteoirí agus oideachasóirí atá ag obair sa suíomh oideachais
3) Oibrithe sóisialta atá ag obair i suíomhanna pobail éagsúla
4) Gairmithe atá ag obair i bpríosúin agus in ionaid choinneála d'ógánaigh

Tá an clár fothaithe acmhainneachta comhdhéanta de dhá chuid:

Cuid 1: Clár Oiliúna Ildisciplíneach ar Mheabhairshláinte do Ghairmithe Sláinte agus do Ghairmithe Eile atá ag Obair i Suíomhanna Pobail a Fhorbairt agus a Chur Chun Feidhme

- Grúpa teagmhála a bhunú le haghaidh rannpháirtíocht leathan páirtithe leasmhara a dhéanfaidh ionadaíocht ar fhoghrúpaí éagsúla maidir leis an meabhairshláinte
- Staidéar a dhéanamh chun an sprioclucht oiliúna agus na riachtanais oiliúna sa mheabhairshláinte a shainaithint
- Oiliúint agus páirtithe leasmhara atá ann cheana a mhapáil
- Clár oiliúna ildisciplíneach Eorpach maidir leis an meabhairshláinte a cheapadh
- Clár oiliúna hibrideach, ildisciplíneach a leathadh amach i 6 thír phíolótacha, agus an oiliúint a chur chun feidhme i 24 thír
- Treoirphlean Eorpach a fhorbairt le haghaidh cur chuige cuimsitheach maidir le fothú acmhainneachta maidir leis an meabhairshláinte

Cuid 2: Clár Malartaithe do Ghairmithe Sláinte a eagrú i Réimse na Meabhairshláinte

- Riachtanais na rannpháirtithe malairte, cumais na n-institiúidí óstach a shainaithint, agus an dá rud a mheaitseáil lena chéile
- An clár malartaithe a cheapadh agus a chur chun feidhme, ag áirithiú go bhfuil sé ag teacht le spriocanna foriomlána an chláir oiliúna ildisciplínigh maidir leis an meabhairshláinte

Rannpháirtíocht na dtíortha rannpháirteacha:

- Ceardlanna hibrideacha a eagrú don oiliúint i 27 mBallstát den Aontas Eorpach, san Iorua, san Íoslainn agus san Úcráin le 3600 rannpháirtí ar a laghad agus i gcomhar le hinstitiúidí náisiúnta.
- Cuairteanna mhalartúcháin a eagrú idir tíortha ina bhfuil 900 rannpháirtí ar a laghad. Eagraíochtaí óstach náisiúnta a shainaithint chomh maith le rannpháirtithe ó gach tír.

Le haghaidh tuilleadh eolais, déan teagmháil le ceannaire an tionscadail: tom.zuljevic-salamon@gfa-group.de

Funded by the European Union